Parlaimint na hEorpa
2024-2029

An Coiste um Chultúr agus um Oideachas
An Cathaoirleach

14.7.2026

Li Andersson, Uasal
Cathaoirleach
An Coiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta
AN BHRUISÉIL

Ábhar: Tuairim CULT ar Scileanna a neartú san Aontas – deiseanna sa ghairmoideachas sa ghairmoiliúnt in aimsir an athraithe (2026/2070(INI))

A Chathaoirligh, a chara,

Faoin nós imeachta dá dtagraítear thuas, iarradh ar an gCoiste um Chultúr agus um Oideachas (CULT) tuairim a chur faoi bhráid do choiste agus chinn an coiste an tuairim a sheoladh i bhfoirm litreach.

Ag an gcruinniú a bhí aige an 14 Iúil 2026, rinne an Coiste um Chultúr agus um Oideachas breithniú ar an ábhar. Ag an gcruinniú sin, chinn sé an tuairim a leagtar amach thíos a chur faoi bhráid an Choiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta, mar an coiste freagrach.

Is mise, le meas,

Nela Riehl

MOLTAÍ

– Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 165 agus 166 de,

A. de bhrí gur príomhcholún den Limistéar Eorpach Oideachais, d'Aontas na Scileanna agus d'éiceachóras Eorpach na foghlama ar feadh an tsaoil iad an gairmoideachas agus an ghairmoiliúint, lena rannchuidítear le forbairt phearsanta, fostaíocht dhea-cháilíochta, comhtháthú sóisialta, iomaíochas agus athléimneacht an Aontais, lena n-áirítear uathriail straitéiseach, le linn aistrithe glasa, digiteacha, déimeagrafacha agus tionsclaíocha; de bhrí go bhfuil ról ríthábhachtach ag an ngairmoideachas agus ag an ngairmoiliúint maidir le bonn tionsclaíoch na hEorpa a neartú, fios gnó teicniúil speisialaithe a chaomhnú agus a fheabhsú, agus aghaidh a thabhairt ar ghanntanais lucht saothair in earnálacha atá bunriachtanach d'iomaíochas agus d'athléimneacht an Aontais; de bhrí go bhfuil Próiseas Chóbanhávan, a seoladh i mí na Samhna 2002 chun an comhar Eorpach sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúint a neartú, ag cur creat comhsheasmhach ar fáil do bheartas Eorpach gairmoideachais agus gairmoiliúna;

B. de bhrí gur cheart an gairmoideachas agus an ghairmoiliúint a luacháil mar chonair foghlama ardcháilíochta astu féin, agus de bhrí gur cheart do na Ballstáit paireacht measa idir conairí gairme agus acadúla a spreagadh agus tacú léi i gcomhréir lena gcórais náisiúnta oideachais agus oiliúna maidir le dearadh beartas, treoir d'fhoghlaimeoirí, deiseanna soghluaisteachta, córais aitheantais, infheistíocht i gcumarsáid ardcháilíochta agus phoiblí maidir le gairmoideachas agus gairmoiliúint; de bhrí gur cheart go gciallódh luach comhionann rochtain agus deiseanna éifeachtacha d'fhoghlaimeoirí de gach aois agus cúlra, seachas iomaíocht nialasach idir earnálacha an oideachais agus na hoiliúna;

C. de bhrí go mbraitheann tarraingteacht agus cáilíocht an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna ní hamháin ar ábharthacht mhargadh an tsaothair, ach freisin ar theagasc agus oiliúint, ar chórais treorach, ar rochtain chuimsitheach, ar thréscaoilteacht idir conairí oideachais agus oiliúna, ar aitheantas do scileanna agus do cháilíochtaí agus ar inniúlachtaí bunúsacha, digiteacha, glasa, sibhialta, sóisialta agus trasnaí a fhorbairt;

D. de bhrí go bhfuil infheistíocht phoiblí in aghaidh an fhoghlaimeora agus cabhair airgeadais dhíreach níos ísle go córasach don oideachas meánscoile sinsearach agus iar-mheánscoile neamhthreasach – na leibhéil ina bhfuil gairmoideachas agus gairmoiliúint comhchruinnithe – ná don oideachas treasach ar fud fhormhór na mBallstát[1];

[1] https://www.europarl.europa.eu/RegData/etudes/STUD/2026/783536/CASP_STU(2026)783536_EN.pdf

E. de bhrí go bhfuil soghluaisteacht foghlaimeoirí agus printíseach gairmoideachais agus gairmoiliúna fós ar cheann de na réimsí is soiléire inar gá an uaillmhian sin a chur i bhfeidhm go fóill; de bhrí go bhfuil an iomarca foghlaimeoirí agus printíseach gairmoideachais agus gairmoiliúna fós ag dul i ngleic le héiginnteacht dhlíthiúil, bacainní riaracháin, acmhainneacht theoranta soláthraithe, freagrachtaí doiléire, agus ceisteanna gan réiteach a bhaineann le hárachas, luach saothair, slándáil shóisialta agus aitheantas; de bhrí gur minic nach mbíonn foghlaimeoirí ar an eolas faoina gcearta agus faoi na nósanna imeachta atá ar fáil chun mí-úsáidí a thuairisciú; de bhrí go bhféadfadh bacainní breise, amhail costais mhaireachtála agus tithíochta atá ag dul i méid, foghlaimeoirí ó chúlraí socheacnamaíocha faoi mhíbhuntáiste a eisiamh ó dheiseanna soghluaisteachta gairmoideachais agus gairmoiliúna;

F. de bhrí go leanann mímheaitseálacha leanúnacha scileanna de bhac a chur ar tháirgiúlacht, ar fhás eacnamaíoch agus ar nuálaíocht ar fud an Aontais, agus béim á leagan ar an ngá atá le comhar níos dlúithe idir soláthraithe oiliúna, fostóirí, FBManna agus éiceachórais tháirgiúla áitiúla; de bhrí go bhfuil sé cruthaithe go bhfuil córais ghairmoideachais agus ghairmoiliúna atá bunaithe ar phrintíseacht agus déchórais ghairmoideachais agus ghairmoiliúna, lena gcomhcheanglaítear foghlaim scoilbhunaithe agus oiliúint shuntasach obairbhunaithe i bhfiontair, éifeachtach chun tacú leis an aistriú ón oideachas go dtí an fhostaíocht;

G. de bhrí go bhféadfadh neartú prionsabal agus forálacha coiteanna Eorpacha d'fhoghlaimeoirí agus do phrintísigh soghluaiste gairmoideachais agus gairmoiliúna cabhrú le deimhneacht dhlíthiúil níos fearr a sholáthar d'fhoghlaimeoirí, do sholáthraithe gairmoideachais agus gairmoiliúna, d'fhostóirí agus d'údaráis inniúla, agus lánurraim á tabhairt d'inniúlachtaí na mBallstát agus do chórais náisiúnta gairmoideachais agus gairmoiliúna;

H. de bhrí go n-éilíonn soghluaisteacht ghairmoideachais agus ghairmoiliúna acmhainneacht tacaíochta níos láidre laistigh d'institiúidí gairmoideachais agus gairmoiliúna, lena n-áirítear foireann thiomnaithe, treoir, comhpháirtíochtaí fostóirí, nósanna imeachta simplithe agus uirlisí digiteacha;

I. de bhrí gur tionscadail agus comhpháirtíochtaí comhair claochlaitheacha iad na hIonaid Barr Feabhais Gairme (CoVEnna), a tugadh isteach mar sin sa chlár Erasmus+ atá ann faoi láthair, lena nasctar soláthraithe gairmoideachais agus gairmoiliúna, údaráis phoiblí, an saol acadúil agus an earnáil phríobháideach, a bhfuil ról acu in éiceachórais scileanna, i saol na hoibre, sa nuálaíocht agus san aistriú glas agus san aistriú digiteach, le tacaíocht ó oideolaíochtaí nuálacha, ó fhorbairt ghairmiúil múinteoirí agus oiliúnóirí, ó shoghluaisteacht foghlaimeoirí agus foirne agus ó straitéisí idirnáisiúnaithe gairmoideachais agus gairmoiliúna;

J. de bhrí go bhfuil gá le tacaíocht leormhaith, infheicthe agus neartaithe de réir a chéile don ghairmoideachas agus don ghairmoiliúint faoin gcéad CAI eile, go háirithe laistigh de Erasmus+, agus solúbthacht agus ollstruchtúr cothrom foghlama ar feadh an tsaoil an chláir agus cistí comhlántacha eile de chuid an Aontais á gcaomhnú ag an am céanna; de bhrí go mbraitheann barr feabhais gairmoideachais agus gairmoiliúna freisin ar mhúinteoirí, oiliúnóirí, meantóirí san ionad oibre, tréscaoilteacht idir conairí oideachais agus oiliúna agus rochtain chuimsitheach;

K. de bhrí go n-imríonn ganntanais múinteoirí gairmoideachais agus gairmoiliúna tionchar ar gach ceann de 27 mBallstát an Aontais; de bhrí, de réir suirbhé a rinne Cedefop in 2025, nach gcreideann ach 18 % de mhúinteoirí gairmoideachais agus gairmoiliúna go bhfuil meas ar a ngairm, agus i gcás aon trian de mhúinteoirí gairmoideachais agus gairmoiliúna nárbh é a ngairm an chéad rogha, agus go bhfaigheann múinteoirí gairmoideachais agus gairmoiliúna 11 % níos lú tuarastail ar an meán ná gairmithe eile a bhfuil oideachas treasach acu[2].

1. á chur in iúl gur geal léi an aird pholaitiúil athnuaite a thugtar ar an ngairmoideachas agus ar an ngairmoiliúint i gcomhthéacs Aontas na Scileanna, Dhearbhú Herning laistigh de Phróiseas Chóbanhávan, agus na Straitéise Eorpaí um Ghairmoideachas agus Gairmoiliúint atá ar na bacáin, agus á mheabhrú a ról mar cholún den Limistéar Eorpach Oideachais, d'Aontas na Scileanna agus d'éiceachóras Eorpach na foghlama ar feadh an tsaoil chun borradh a chur faoin iomaíochas agus faoin athléimneacht;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit paireacht measa idir conairí gairme agus acadúla a aistriú ina bearta nithiúla i ndearadh beartais, treoir d'fhoghlaimeoirí, deiseanna soghluaisteachta, córais aitheantais, infheistíocht i gcumarsáid ardcháilíochta agus phoiblí maidir le barr feabhais agus cuimsitheacht sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúint, go háirithe chun borradh a chur faoina tharraingteacht;

3. á chur i bhfáth gur cheart go gciallódh luach comhionann deiseanna éifeachtacha d'fhoghlaimeoirí, seachas iomaíocht nialasach idir earnálacha an oideachais agus na hoiliúna;

4. ag cur béim ar an bhfíoras gur cheart go leanfadh an Straitéis ghairmoideachais agus ghairmoiliúna a bheidh ann amach anseo de bheith dírithe ar an bhfoghlaimeoir agus gur cheart di tacú le hiomaíochas na hEorpa agus le forbairt phearsanta, cuimsiú sóisialta agus rannpháirtíocht dhaonlathach foghlaimeoirí araon, lena gcothófar gairmoideachas agus gairmoiliúint Eorpach ardcháilíochta, cuimsitheach, nuálach agus tarraingteach ag a mbeidh dearcadh idirnáisiúnta; á chur i bhfáth, ina leith sin, a thábhachtaí atá conairí soiléire dul chun cinn laistigh den ghairmoideachas agus den ghairmoiliúint, lena n-áirítear gairmoideachas agus gairmoiliúint ar leibhéal an ardoideachais agus cáilíochtaí ar leibhéal 5 EQF agus os a chionn;

5. ag tabhairt rabhaidh go bhfuil go leor scileanna ceardaíochta traidisiúnta agus

[2] https://www.cedefop.europa.eu/ga/press-releases/cedefop-launches-first-european-vocational-teacher-survey-tackle-critical-vet-teacher-shortages

scileanna caomhnaithe oidhreachta cultúrtha i mbaol dul i léig mar thoradh ar athrú déimeagrafach agus easpa conairí tarchurtha struchtúrtha; á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá aistriú scileanna idirghlúine chun aghaidh a thabhairt ar an athrú déimeagrafach agus ar ghanntanais lucht saothair; ag spreagadh tionscnamh a thacaíonn le hoibrithe a bhfuil taithí acu a gcuid eolais agus saineolais a chur ar aghaidh trí scéimeanna meantóireachta, oiliúna san ionad oibre agus printíseachta; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit gairmoideachas agus gairmoiliúint a úsáid mar mhodh chun na scileanna sin a choimirciú agus a tharchur; á iarraidh go nascfaí straitéisí gairmoideachais agus gairmoiliúna le héiceachórais chultúrtha áitiúla agus le hoidhreacht chultúrtha áitiúil, mar uirlis don chomhtháthú críochach agus chun cur i gcoinne an mheatha dhéimeagrafaigh; á iarraidh go léireofaí earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta go hiomlán sa straitéis ghairmoideachais agus ghairmoiliúna atá ar na bacáin;

6. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit aghaidh a thabhairt, mar thosaíocht, ar an éiginnteacht dhlíthiúil agus riaracháin a dhéanann difear d'fhoghlaimeoirí agus do phrintísigh shoghluaiste gairmoideachais agus gairmoiliúna, lena n-áirítear maidir le stádas foghlaimeora, socruithe conarthacha, luach saothair, slándáil shóisialta, árachas agus aitheantas do thréimhsí foghlama thar lear;

7. á iarraidh ar an gCoimisiún prionsabail agus forálacha coiteanna Eorpacha a neartú d'fhoghlaimeoirí agus do phrintísigh shoghluaiste gairmoideachais agus gairmoiliúna, agus lánurraim á tabhairt d'inniúlachtaí na mBallstát agus do chórais náisiúnta gairmoideachais agus gairmoiliúna, chun deimhneacht dhlíthiúil níos fearr a sholáthar d'fhoghlaimeoirí, do sholáthraithe gairmoideachais agus gairmoiliúna, d'fhostóirí agus d'údaráis inniúla, lena n-áirítear trí chreat comhchoiteann Eorpach a fhorbairt le haghaidh aitheantas frithpháirteach uathoibríoch cáilíochtaí staidéir agus tréimhsí foghlama thar lear ar scoil, sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúint, agus san ardoideachas; á iarraidh ar na Ballstáit inaistritheacht deontas agus iasachtaí intíre a ráthú d'fhoghlaimeoirí gairmoideachais agus gairmoiliúna a ghlacann páirt i soghluaisteacht aitheanta, ionas go leanfaidh tacaíocht an foghlaimeoir thar lear; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé athbhreithniú agus innéacsú rialta a dhéanamh ar dheontais bhoilscithe agus ar thacaíocht airgeadais d'fhoghlaimeoirí gairmoideachais agus gairmoiliúna, do phrintísigh, do mhúinteoirí agus do bhaill foirne atá rannpháirteach i ngníomhaíochtaí soghluaisteachta;

8. á iarraidh go maoineofaí le clár Erasmus+ córais tacaíochta don tsoghluaisteacht laistigh d'institiúidí gairmoideachais agus gairmoiliúna, amhail comhordaitheoirí soghluaisteachta sna hinstitiúidí féin, ag tógáil ar thurgnaimh rathúla amhail tionscadal MONA sa Fhrainc, chun comhordaitheoirí soghluaisteachta a áireamh, chun foghlaimeoirí gairmoideachais agus gairmoiliúna a threorú ina dtionscadail soghluaisteachta, chun comhairle a chur ar mhúinteoirí gairmoideachais agus gairmoiliúna maidir le tionscadail Eorpacha a bhunú agus chun teagmháil a éascú idir institiúidí gairmoideachais agus gairmoiliúna, an earnáil phríobháideach agus foghlaimeoirí;

9. á mholadh go bhforbrófaí bonneagar soghluaisteachta digití atá oiriúnaithe don ghairmoideachas agus don ghairmoiliúint, arna spreagadh ag taithí Erasmus Gan Pháipéar san ardoideachas, chun próisis riaracháin, comhaontuithe foghlama, nósanna

imeachta aitheantais agus comhar idir soláthraithe gairmoideachais agus gairmoiliúna, fostóirí agus údaráis inniúla a shimpliú;

10. á thabhairt chun suntais go bhfuil ról claochlaitheach ag Ionaid Barr Feabhais Gairme (CoVEnna) mar thionscadail chomhair agus comhpháirtíochtaí lena dtugtar le chéile soláthraithe gairmoideachais agus gairmoiliúna, údaráis phoiblí, an saol acadúil agus an earnáil phríobháideach, agus é mar aidhm leis naisc idir na geallsealbhóirí sin a neartú, curaclaim nuálacha agus formáidí oideolaíocha a thógáil a fhreagraíonn do riachtanais scileanna na hEorpa, soghluaisteacht foghlaimeoirí, múinteoirí, oiliúnóirí agus foirne gairmoideachais agus gairmoiliúna a chothú, agus réitigh a aimsiú ar na bacainní riaracháin, airgeadais, dlíthiúla agus praiticiúla a chuireann bac ar an tsoghluaisteacht laistigh den ghairmoideachas agus gairmoiliúint;

11. á iarraidh go ndéanfaí an buiséad atá tiomnaithe d'Ionaid Barr Feabhais Gairme (CoVEnna) a choimirciú sa chéad chlár Erasmus+ eile, agus go bhfaigheadh Ionaid Barr Feabhais Gairme (CoVEnna) rathúla an chobhsaíocht agus an infheictheacht is gá chun leanúint den nuáil agus den athrú ó bhonn ar earnáil an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna ar an leibhéal Eorpach, ar an leibhéal náisiúnta, ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal áitiúil;

12. á thabhairt chun suntais ról na n-údarás réigiúnach, cathrach agus áitiúil maidir le héiceachórais phrintíseachta agus ghairmoideachais agus ghairmoiliúna atá cuimsitheach, cothrom agus nasctha le fostóirí a thógáil agus maidir le hionaid oiliúna poiblí a bhainistiú go díreach;

13. á mheabhrú go bhfuil tacaíocht leordhóthanach, infheicthe agus neartaithe de réir a chéile ag teastáil ón ngairmoideachas agus ón ngairmoiliúint laistigh de Erasmus+, bunaithe ar éileamh foghlaimeoirí, cáilíocht, cuimsiú, acmhainneacht ionsúcháin agus sprioc na hEorpa maidir le soghluaisteacht an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna, agus solúbthacht agus ollstruchtúr cothrom foghlama ar feadh an tsaoil an chláir á gcaomhnú ag an am céanna;

14. á iarraidh go mbeadh aon scoláireachtaí, gníomhaíochtaí barr feabhais nó tallainne Erasmus+ a bheidh ann amach anseo i réimsí straitéiseacha oideachais oscailte, i gcás inarb ábhartha, d'fhoghlaimeoirí gairmoideachais agus gairmoiliúna agus do chonairí gairmoideachais agus gairmoiliúna ar leibhéal an ardoideachais, agus príomhchistiú Erasmus+ don tsoghluaisteacht foghlama, don chuimsiú agus don chomhar á chomhlánú, seachas á laghdú;

15. á iarraidh ar Chlár Oibre an Aontais Eorpaigh le haghaidh Múinteoirí agus Oiliúnóirí atá ar na bacáin aghaidh a thabhairt go sainráite ar na cúiseanna atá le ganntanais agus riachtanais múinteoirí agus oiliúnóirí gairmoideachais agus gairmoiliúna agus ball foirne gaolmhar eile, lena n-áirítear tarraingteacht gairme, forbairt ghairmiúil tosaigh agus leanúnach, conairí gairmiúla solúbtha, nuálaíocht oideolaíoch, inniúlachtaí digiteacha, IS agus glasa, scileanna cuimsithe agus tacaíocht do mheantóirí ar an láthair oibre;

16. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá tréscaoilteacht idir an gairmoideachas agus an ghairmoiliúint, agus conairí oideachais agus oiliúna eile, amhail ardoideachas,

foghlaim aosach, agus fostaíocht, ionas gur féidir le foghlaimeoirí dul chun cinn a dhéanamh idir conairí gan cheann caoch a bheith rompu; á iarraidh, ina leith sin, go dtabharfaí aitheantas níos láidre do cháilíochtaí agus do thorthaí foghlama gairmoideachais agus gairmoiliúna, treoir níos fearr ar feadh an tsaoil, micridhintiúir a bhfuil a gcáilíocht dearbhaithe, bailíochtú na foghlama seachfhoirmiúla agus neamhfhoirmiúla, agus conairí ón ngairmoideachas agus ón ngairmoiliúint tosaigh go dtí an gairmoideachas agus an ghairmoiliúint ar leibhéal an ardoideachais, an t-ardoideachas, agus an gairmoideachas agus an ghairmoiliúint leanúnach;

17. á iarraidh go ndéanfadh curaclaim ghairmoideachais agus ghairmoiliúna ní hamháin scileanna gairmshonracha a thabhairt d'fhoghlaimeoirí, ach freisin na hinniúlachtaí bunúsacha, digiteacha, IS, glasa, sibhialta, litearthachta sna meáin, fiontraíochta, sóisialta agus trasnaí is gá le haghaidh poist dea-cháilíochta, foghlaim ar feadh an tsaoil, saoránacht ghníomhach agus athléimneacht dhaonlathach; á mheabhrú nach mór barr feabhais agus cuimsiú sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúint a shaothrú le chéile, agus gur cheart deiseanna ardcháilíochta gairmoideachais agus gairmoiliúna, soghluaisteachta agus nuálaíochta a bheith inrochtana d'fhoghlaimeoirí ar lú na deiseanna atá acu, d'fhoghlaimeoirí faoi mhíchumas agus a bhfuil deacrachtaí foghlama acu, d'fhoghlaimeoirí fásta, d'fhoghlaimeoirí sna réigiúin is forimeallaí, i gceantair thuaithe, iargúlta agus faoi mhíbhuntáiste, agus do mhná agus cailíní i gconairí gairmoideachais agus gairmoiliúna a bhaineann le ETIM lena n-áirítear trí thairiscintí oiliúna soghluaiste, foghlaim chumaisc, ciantreoir agus comhar idir scoileanna, ionaid oiliúna agus pobail áitiúla;

18. á iarraidh ar na Ballstáit agóid a dhéanamh in aghaidh steiréitíopaí inscne agus bacainní struchtúracha a dhéanann difear do roghanna oideachais agus gairme, d'fhonn comhionannas inscne agus rannpháirtíocht níos cothroime ban agus fear a chur chun cinn ar fud na gconairí gairme, na n-earnálacha agus na ngairmeacha uile;

19. á iarraidh go ndéanfaí caiteachas poiblí éifeachtach agus éifeachtúil ar ghairmoideachas agus ar ghairmoiliúint a chur chun cinn tuilleadh, chomh maith le comhlántacht agus sineirgí cistiúcháin faoin gcéad Chreat Airgeadais Ilbhliantúil eile, go háirithe faoi Erasmus+, AgoraEU, Ciste Sóisialta na hEorpa agus cistí comhtháthaithe eile, sa bhreis ar an gCiste Eorpach um Iomaíochas; á iarraidh go gcuirfí feabhas ar shonraí agus ar fhaireachán an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna, chomh maith le hiarrachtaí athnuaite chun tagarmharcanna ar leibhéal an Aontais sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúint a chur chun feidhme go héifeachtach i ngach Ballstát;

20. á iarraidh go gcuirfidh an Straitéis Eorpach um Ghairmoideachas agus Gairmoiliúint a bheidh ann amach anseo le Próiseas Chóbanhávan agus leis an ngarsprioc is déanaí a bhaineann leis, Dearbhú Herning, agus cruthú tionscnamh nua dínasctha á sheachaint ag an am céanna, agus comhleanúnachas agus úsáid phraiticiúil na n-uirlisí Eorpacha atá ann cheana a neartú, lena n-áirítear an Creat Eorpach um Cháilíochtaí, EQAVET, Europass, micridhintiúir, dintiúir dhigiteacha agus bailíochtú na foghlama seachfhoirmiúla agus neamhfhoirmiúla;

IARSCRÍBHINN: DEARBHÚ IONCHUIR

I gcomhréir le hAirteagal 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta, dearbhaíonn an rapóirtéir don tuairim go bhfuil ionchur curtha san áireamh aici ina tuairim ar shaincheisteanna a bhaineann le hábhar an chomhaid a fuair sí, le linn ullmhú na tuairime, go dtí go nglacfar sa choiste í, ó na hionadaithe leasa seo a leanas a thagann faoi raon feidhme an Chomhaontaithe Idirinstitiúidigh maidir le clár trédhearcachta sainordaitheach[1], nó ó na hionadaithe údarás poiblí tríú tíortha seo a leanas, lena n-áirítear a misin taidhleoireachta agus a n-ambasáidí:

1. Ionadaithe leasa a thagann faoi raon feidhme an Chomhaontaithe Idirinstitiúidigh maidir le clár trédhearcachta sainordaitheach
Aireacht Oideachais na Fraince
2. Ionadaithe ó údaráis phoiblí tríú tíortha, lena n-áirítear a misin taidhleoireachta agus a n-ambasáidí
Ionadaí ar bith

Is faoi fhreagracht eisiach an rapóirtéara don tuairim a dhéantar an liosta thuas a tharraingt suas.

I gcás ina sainaithnítear daoine nádúrtha ar an liosta de réir a n-ainm, a bhfeidhme nó an dá cheann, dearbhaíonn an rapóirtéir don tuairim go ndearna sí Fógra Cosanta Sonraí Pharlaimint na hEorpa Uimh. 484 (https://www.europarl.europa.eu/data-protect/index.do) a chur faoi bhráid na ndaoine nádúrtha lena mbaineann, ar fógra é lena leagtar amach na coinníollacha is infheidhme maidir le próiseáil a sonraí pearsanta agus na cearta a bhaineann leis an bpróiseáil sin.

[1] Comhaontú Idirinstitiúideach an 20 Bealtaine 2021 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le clár trédhearcachta sainordaitheach (IO L 207, 11.6.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_interinstit/2021/611/oj)

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAOCH ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

21	+
ECR	Lara Magoni, Ivaylo Valchev
PPE	Niels Geuking, Sunčana Glavak, Eleonora Meleti, Giusi Princi, Hélder Sousa Silva, Viktor Weisz, Bogdan Andrzej Zdrojewski, Milan Zver
PfE	Catherine Griset
Renew	Hristo Petrov, Marjan Šarec
S&D	Isilda Gomes, Hannes Heide, Emma Rafowicz, Sabrina Repp, Sandro Ruotolo, Joanna Scheuring-Wielgus
Verts/ALE	Diana Riba i Giner, Nela Riehl

0	-

1	0
ESN	Zsuzsanna Borvendég

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh